An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

# An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

## Ráiteas Straitéise 2023 - 2025



enterprise.gov.ie

# Réamhrá



An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta,
**Simon Coveney, T.D.**

Tagann an Ráiteas Straitéise nua seo ag tráth a bhfuil éiginnteacht dhomhanda agus neart eacnamaíoch náisiúnta ann. Sa tír anois, tá an líon is mó daoine riamh fostaithe, cothromaíocht dhearfach trádála agus fás eacnamaíoch leanúnach againn, in ainneoin go leor dúshlán. Bhí ról lárnach ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, in éineacht lena cuid Oifigí agus Gníomhaireachtaí, ag tacú lenár ngeilleagar láidir agus leanann sí ar aghaidh ag éascú cruthú fiontair agus fostaíocht inbhuanaithe ar ardchaighdeán.

Ní mór dúinn treo nua a leagan síos anois, ní hamháin a chosnóidh an dul chun cinn atá déanta agus a thógfaidh air, ach a chuirfidh ar ár gcumas na haistrithe digiteacha agus glasa a chur chun cinn. Mar gheall ar thiomantas an Rialtais d'Éirinn níos glaise, níos inbhuanaithe agus níos rathúla a thógáil, beidh gá le dícharbónú agus le gealltanais neodrachta a chomhtháthú tuilleadh i mbeartas fiontraíochta agus i seachadadh clár.

Ní mór dúinn a bheith ar thús cadhnaíochta trí na coinníollacha a chur i bhfeidhm chun tacú le gnólachtaí agus le saoránaigh agus chun cur ar a gcumas cinntí agus infheistíochtaí níos inbhuanaithe a dhéanamh d'fhostóirí agus d'fhostaithe. Ní mór dúinn a bheith aireach freisin faoin tábhacht a bhaineann le fás cothrom, freagrach agus cothromaithe i ngach cuid den tír.

Tá clár uaillmhianach oibre os ár gcomhair a chinnteoidh go mbainfear ár dtosaíochtaí amach. Tá muinín agam go gcuirfidh tiomantas, saineolas agus gastacht fhoireann na Roinne ar ár gcumas dul i ngleic leis na dúshláin sa tréimhse atá amach romhainn.

In éineacht le mo chomhghleacaithe, an tAire Stáit Dara Calleary T. D. agus an tAire Stáit Neale Richmond, T. D. Táim ag tnúth le bheith ag obair go dlúth leis an Ard-Rúnaí agus le foireann na Roinne, lena cuid Oifigí agus lena Gníomhaireachtaí, chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm.



An t-Ard Rúnaí
**Declan Hughes**



An t-Ard Rúnaí
**Dr Orlaigh Quinn**
(Ar scór ó mí Bealtaine 2023)

Cuireann an Ráiteas Straitéise seo 2023 – 2025 leis an dul chun cinn mór atá déanta againn chun na tosaíochtaí atá leagtha amach dúinn i gClár an Rialtais, ***Ár dTodhchaí Chomhroinnte***, a bhaint amach. Thug an fhís, an misean agus na spriocanna a leagadh amach inár Straitéis 2021 creat dúinn chun tacú le gnólachtaí an suaitheadh a bhí ann le cúpla bliain anuas a sheasamh agus muid ag bainistiú sraith de dhúshláin eacnamaíocha nach bhfacthas a leithéid riamh cheana a d'eascair as paindéim dhomhanda agus as dálaí trádála éiginnte.

Táimid ag tabhairt faoi thimthriall pleanála straitéisí arís a shainítear ag éiginnteacht agus ag dúshlán – an uair seo mar thoradh ar chogadh san Eoraip agus a iarmhairtí sin ar shlándáil fuinnimh, trádáil agus an costas maireachtála. Beidh sé ríthábhachtach sna blianta amach romhainn gastacht, freagrúlacht agus inoiriúnaitheacht a chaomhnú maidir le tacaíochtaí fiontraíochta a sholáthar. Beimid fós dírithe ar oibrithe a chosaint, tomhaltóirí a chosaint agus cleachtais ghnó fhreagracha agus chuimsitheacha a chur chun cinn.

Tugadh spreagadh úr d'uaillmhian na Roinne nuair a foilsíodh an Páipéar Bán ar Fhiontraíocht 2022-2030, ina leagtar amach an fhís atá againn go n-éireoidh le fiontraíocht atá lonnaithe in Éirinn trí bhuntáiste iomaíoch atá bunaithe ar an inbhuanaitheacht, an nuálaíocht agus an táirgiúlacht chomh maith le poist agus slite beatha fiúntacha a sholáthar.

Léireoidh ár gcur chuige straitéiseach do 2023 – 2025 cuspóir an Pháipéir Bháin chun a chinntiú go leanfaidh Éire uirthi ag tógáil ar a láidreachtaí, mar gheilleagar oscailte ina bhfuil infheistíocht láidir trádála agus dhíreach choigríche, éiceachóras nuálaíochta bríomhar, agus margadh saothair athléimneach.

Forbraíodh an Straitéis a bhuí le réimse leathan ionchur a fuarthas ó pháirtithe leasmhara le linn ár gcomhairliúcháin oscailte, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a rinne aighneachtaí.

# Fís

Déanfaimid d'Éirinn an áit is fearr chun rath a bhaint amach i gcúrsaí gnó i ngach cearn den tír, le fiontair bhríomhara, tuilleadh fostaíocht ar ardchaighdeán, trádáil atá ag fás, ionaid oibre chothroma agus táirgiúlacht níos airde.

# Misean

Beimid i gceannas ar fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe trí fhostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus a chothabháil ar fud fad na tíre: trí fhiontraíocht a chur chun cinn; bonn gnó iomaíoch a áirithiú chun obair, fiontraíocht inbhuanaithe, nuálaíocht agus infheistíocht a spreagadh; naisc agus trádáil dhomhanda a neartú; margaí cothroma iomaíocha, cleachtas gnó freagrach a chur chun cinn; chomh maith le láithreacha oibre sábháilte, solúbtha agus cuibhiúla trí obair rialála agus forfheidhmithe na Roinne, a cuid Oifigí agus a Gníomhaireachtaí.

# Luachanna

Mar Roinn, cothaímid cultúr cuntasachta, éifeachtúlachta, nuálaíochta agus luach ar airgead, atá fréamhaithe in éiteas na seirbhíse poiblí arb iad an neamhspleáchas, comhionannas, ionracas, neamhchlaontacht, oscailteacht, cothroime, dínit agus meas a chomharthaí sóirt. Mar Státseirbhísigh, tá na caighdeáin is airde gairmiúlacht, macántacht, oibiachtúlacht agus cáilíocht againn, atá lárnach i gcomhlíonadh ár róil maidir le freastal ar an Rialtas, an córas daonlathach agus an pobal.

# Clár ábhair

**Réamhrá** **5**

**Prionsabail Threoracha** **8**

**Ár Spriocanna Straitéiseacha** **12**

**Sprioc 1:** Fostaíocht iomlán a chothú agus forbairt eacnamaíoch réigiúnach láidir a chinntiú. **13**

**Sprioc 2:** Na haistrithe glasa agus digiteacha a chur chun cinn chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht na bhfiontar atá lonnaithe in Éirinn a chinntiú. **15**

**Sprioc 3:** Sábháilteacht, pá agus coinníollacha níos fearr, poist ar ardchaighdeán agus cuimsitheacht san ionad oibre a chur chun cinn. **17**

**Sprioc 4:** Feabhas a chur ar ár dtimpeallacht rialála gnó agus ar tharraingteacht na hÉireann mar áit chun gnó a dhéanamh. **19**

**Sprioc 5:** Gnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a dhoimhniú agus a leathnú ar bhealach freagrach, cothrom agus inbhuanaithe a thacaíonn le hardchaighdeáin mhaireachtála agus an geilleagar uile-oileáin a fhorbairt. **21**

**Sprioc 6:** Roinn nuálach agus ghasta a thógáil le héiteas láidir seirbhís phoiblí a spreagann cur i bhfeidhm éifeachtach agus freagrach beartais. **23**

**Rath a Thomhas agus an Straitéis seo a Chur i bhFeidhm** **25**

# Réamhrá

**Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun tosaigh maidir le comhairle a thabhairt agus beartais an Rialtais a chur i bhfeidhm chun acmhainn tháirgiúil an gheilleagair a spreagadh agus timpeallacht a chruthú a éascaíonn cruthú fostaíochta agus inbhuanaitheacht. Tá sé de chúram ar an Roinn freisin iomaíocht chóir a chur chun cinn sa mhargadh, tomhaltóirí a chosaint agus oibrithe a chosaint. Ag obair lenár gcuid Oifigí agus lenár nGníomhaireachtaí, clúdaíonn sainchúram na Roinne réimse leathan gníomhaíochta lena n-áirítear:**

- Cabhrú le fiontraithe agus le gnólachtaí fostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus a chothú ar fud na tíre, trí bhonn fiontraíochta láidir faoi úinéireacht Éireannach a fhorbairt, infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh agus trádáil a neartú.
- Beartas a dhíriú chun cabhrú le lucht fiontraíochta ídiú acmhainní agus astaíochtaí carbóin a laghdú, na costais a bhaineann le dícharbónú a íoc agus leas a bhaint as deiseanna an aistrithe chuig geilleagar ísealcharbóin.
- Uaillmhian na hÉireann a bhaint amach go mbeidh sí ina ceannaire digiteach a chur na táirgiúlachta chun cinn agus ionas gur féidir léi an fás eacnamaíoch a scaradh go hiomlán ó thomhaltas acmhainní.
- Cuidiú le lucht fiontraíochta taighde agus nuáil a dhéanamh chun poist ar ardchaighdeán a chothabháil agus a chruthú agus cur le sochaí níos fearr a thógáil.
- Riachtanais scileanna lucht fiontraíochta amach anseo a aithint agus oibriú ar fud an Rialtais chun beartais a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais sin, lena n-áirítear trí uas-sciliú.
- Cur chuige uile-Rialtais a threorú chun timpeallacht iomaíoch a fhorbairt le haghaidh infheistíochta, táirgiúlachta agus poist inbhuanaithe.
- Fostaíocht ardchaighdeáin, caidreamh dearfach san ionad oibre, sásraí dea-fheidhmiúla um réiteach díospóidí, timpeallachtaí oibre sábháilte agus reachtaíocht a chur chun cinn le haghaidh cearta feabhsaithe d'oibrithe.
- A chinntiú go n-éascaíonn ár rialáil ghnó infheistíocht agus forbairt inbhuanaithe, iomaíocht sa mhargadh, ardchaighdeáin chosanta tomhaltóirí agus rialachas corparáideach, agus soláthraíonn sé buntáiste iomaíoch d'Éirinn sa mhargadh domhanda.
- Oibriú go huaillmhianach ar fud an Rialtais lenár gcomhpháirtithe san AE agus go hidirnáisiúnta chun leasanna, tionchar agus luachanna na hÉireann a chur chun cinn sa domhan comhroinnte againn.
- An luach is fearr ar airgead a áirithiú agus caiteachas na Roinne a ailíniú le tosaíochtaí beartais, bunaithe ar shonraí, fianaise agus meastóireacht láidir.

Ó 2020 i leith, tá an Roinn ag obair chun na gealltanais agus na tosaíochtaí atá leagtha amach i gClár an Rialtais: ***Ár dTodhchaí Chomhroinnte*** a bhaint amach. Chuir muid ár Ráiteas Straitéise 2021-2023 i bhfeidhm agus chuir muid ár spriocanna straitéiseacha chun cinn le linn tréimhse ina raibh paindéim COVID-19, tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus tionchair an chogaidh san Úcráin ag cruthú dúshláin nach bhfaca an pobal gnó in Éirinn a leithéid riamh cheana.

Tá tosaíochtaí na Roinne bunaithe ar roinnt beartas agus straitéisí, lena n-áirítear an ***Páipéar Bán ar Fhiontraíocht 2022-2030*** a foilsíodh le déanaí ina leagtar amach na tosaíochtaí do bheartas fiontraíochta na hÉireann sa tréimhse go dtí 2030. Cuireann sé fís ar fáil go mbeidh rath ar fhiontair atá lonnaithe in Éirinn trí bhuntáiste iomaíoch a bhíonn bunaithe ar an inbhuanaitheacht, an nuálaíocht agus an táirgiúlacht.

Tá sé ríthábhachtach na haistrithe glasa agus digiteacha i bhfiontraíocht na hÉireann a chur chun cinn. Le linn shaolré na Straitéise seo, oibreoimid chun ár ngealltanais i ***bPlean Gníomhaíochta Aeráide 2023*** an Rialtais a chomhlíonadh. Tagann ár bhfís leis an gComhaontú Glas ón Aontas Eorpach, arb é is aidhm dó "sochaí níos cothroime agus níos rathúla a dhéanamh den Aontas, le geilleagar nua-aimseartha, tíosach ar acmhainní agus iomaíoch, gan aon ghlanastaíochtaí gáis cheaptha teasa faoi lár an chéid". Díreoidh ár mbeartas sáraitheach ar aistriú chuig samhail eacnamaíoch ísealcharbóin inbhuanaithe, chun ár spriocanna laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach agus chun na deiseanna eacnamaíocha a thagann chun cinn a thapú.



Leagtar amach in ***Leas a bhaint as an Digitiú –Creat Digiteach na hÉireann*** uaillmhian d'Éirinn a bheith ina ceannaire digiteach chun iomaíochas a chinntiú, táirgiúlacht a spreagadh agus go mbeidh ar a cumas an fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó thomhaltas acmhainní neamh-inbhuanaithe. Feidhmeoidh ár ngníomhaireachtaí fiontraíochta mar urlabhraithe atá i bhfách leis an gclaochlú digiteach, agus beidh an clár oibre lárnach ina rannpháirtíocht le cúrsaí gnó.

Táimid ag leanúint ar aghaidh le héifeachtaí Brexit agus le bailchríoch a chur ar an gcaidreamh trádála a bheidh ann amach anseo idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach. Tá tábhacht bhunúsach ag baint le nasc na hÉireann le clár oibre an AE agus go hidirnáisiúnta. Leanfaimid orainn ag tacú ar leibhéal an Aontais le beartas agus le rialachas atá ar son na fiontraíochta, ar son na trádála agus ar son an tomhaltóra agus a chuireann geilleagar atá fabhrach don nuálaíocht chun cinn. Cuirfimid i bhfeidhm ***Straitéis Trádála agus Infheistíochta 2022-2026: Luach d'Éirinn, Luachanna don Domhan*** chun feabhas a chur ar an rannchuidiú dearfach is féidir le trádáil agus infheistíocht a dhéanamh dár bhforbairt eacnamaíoch. Beidh freagairt na hÉireann ar phatrúin chlaochlaitheacha domhandaithe agus ar ilroinnt ghaolmhar sa mhargadh agus sa slabhra soláthair, beidh sí solúbtha agus gasta agus ag an am céanna cuirfear leanúnachas agus cobhsaíocht ar fáil mar rogha cheann scríbe don infheistíocht.

Teastaíonn cur chuige comhtháite, uile-rialtais chun beartas fiontraíochta rathúil a bhaint amach. Táimid ag obair lena chinntiú go bhfuil creatchoinníollacha riachtanacha i bhfeidhm chun tacú lenár n-uaillmhianta beartais agus chun cur le forbairt éiceachóras fiontraíochta níos láidre. Tá roinnt saincheisteanna leathana ann a bheidh ríthábhachtach chun Éire a shuíomh do na dúshláin agus na deiseanna atá romhainn, idir infheistíocht bhonneagair agus chánachas, rialáil agus tallann.

Tá an Roinn tiomanta do dhul i dteagmháil go díreach leis an bpobal gnó, le heagraíochtaí ionadaíochta fostóirí agus fostaithe, agus le páirtithe leasmhara eile i ngach cearn den tír chun cabhrú linn freagairtí beartais ar na deiseanna agus na dúshláin inár ngeilleagar a aithint, a thuiscint agus a fhorbairt. Tá roinnt fóraim bunaithe againn chun comhairliúchán, rannpháirtíocht agus comhpháirtíocht a éascú. Forbraíodh an straitéis seo freisin i gcomhthéacs ár róil maidir le rannchuidiú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn i réimsí amhail fostaíocht, timpeallachtaí oibre sábháilte agus slána, nuálaíocht a chothú agus cuideachtaí a spreagadh chun cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh agus a thuairisciú.

# Prionsabail Threoracha

**I dtimpeallacht dhinimiciúil, ar fud an domhain agus sa bhaile, beimid ár dtreorú ag cúig phrionsabal uileghabhálacha chun seachadadh ár Straitéise a stiúradh.**

## ▶ Seasamh eacnamaíoch na hÉireann a neartú

Ag teacht le huaillmhianta an ***Pháipéir Bháin ar an bhFiontraíocht 2022-2030***, tabharfaimid tús áite do ghníomhaíochtaí lena gcumasófar fás láidir athléimneach agus lena gcothófar fostaíocht iomlán. Cuirfimid le láidreachtaí agus le deiseanna fiontraíochta trí bhraisliú, Speisialtóireacht Chliste agus Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha, ag neartú ár n-earnálacha onnmhairithe trí phíblíne onnmhaireoirí nua a thógáil agus trí chur ar chumas ár n-earnálacha trádála áitiúla a bheith rathúil. Déanfaimid ár ndícheall caighdeán tarraingteach maireachtála a chinntiú i ngach cuid d'Éirinn le hardtáirgiúlacht agus le poist ar phá maith.

## ▶ Fiontar a sheasfaidh an aimsir don fhás inbhuanaithe

Ní féidir fás inbhuanaithe a bhaint amach ach amháin trí bheartais fhreagracha, treoir agus cláir thacúla a sheachadadh chun cabhrú le gnólachtaí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le maolú agus oiriúnú na géarchéime aeráide, dlús a chur leis an gclaochlú digiteach, agus an athléimneacht agus an ghastacht is gá a fhorbairt chun freagairt do na suaití agus don éiginnteacht atá ag éirí ina gné níos mó agus níos mó den gheilleagar domhanda.



An rath a bheidh fúinn chun taighde, forbairt agus nuálaíocht atá bunaithe ar fhiontraíocht a neartú, beidh tionchar díreach aige sin ar chumas na hÉireann geilleagar bríomhar rathúil a chruthú agus a chothabháil, fostaíocht iomlán a chothú, na táirgí agus na seirbhísí a fhorbairt ar féidir leo geilleagar agus sochaí ísealcharbóin a sholáthar, agus na deiseanna a bhaineann le claochlú digiteach a uasmhéadú do chách.

## Tomhaltóirí a chosaint agus oibrithe a chosaint

Le linn tréimhse ina bhfuil éiginnteacht eacnamaíoch agus costais ag ardú, tá sé ag éirí níos tábhachtaí rogha, faisnéis agus cosaint níos mó a thabhairt do thomhaltóirí agus a áirithiú go n-oibreoidh na margaí go cothrom agus go héifeachtach. Coinneoimid córas rialála gasta, éifeachtúil a chuirfidh iomaíocht chóir chun cinn do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí araon; agus cosnóimid cearta tomhaltóirí láidre trédhearcacha chun luach ar airgead, cúram ardchaighdeáin do chustaiméirí agus cosaint ó tháirgí neamhshábháilte a chinntiú.

Ag tús na straitéise seo, tá níos mó daoine fostaithe sa tír ná ag aon phointe eile i stair an stáit. Is é an aidhm atá againn leanúint ar aghaidh ag cruthú na gcoinníollacha do phoist ar ardchaighdeáin, ina mbíonn ardtáirgiúlacht agus a chinntiú go mbíonn tuarastal maith ag dul leis an obair. Cuirfimid leis an dul chun cinn atá déanta againn go dtí seo chun téarmaí agus coinníollacha d'oibrithe a fheabhsú, agus chun cómhargáil a neartú. Tabharfaimid ceannaireacht le dea-shampla, ag tacú lenár bhfoireann a n-acmhainneacht a fhorbairt in ionad oibre a bhíonn ag athrú. Coinneoimid creat dlí cuideachtaí a éascaíonn fiontraíocht agus a chosnaíonn páirtithe leasmhara amhail fostaithe, creidiúnaithe agus an Stát.

## Trádáil agus fiontar freagrach a chur chun cinn

Tá an trádáil bunaithe ar luachanna ina príomhphrionsabal dár ***Straitéis Náisiúnta Trádála agus Infheistíochta 2022-26 'Luach d'Éirinn, Luachanna don Domhan'***. Coinneoimid ár dtiomantas láidir don trádáil oscailte chuimsitheach leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála i gcroílár córas iltaobhach atá bunaithe ar rialacha, agus ag an am céanna cuirfimid ár luachanna chun cinn maidir le cearta an duine, an comhshaol agus an aeráid, cearta sóisialta agus saothair, forbairt inbhuanaithe agus comhionannas inscne.


Sa bhaile, leanfaimid orainn ag tógáil timpeallacht rialála chun iompar gnó dearfach agus freagrach a threisiú. Oibreoimid chun creataí láidre cuntasachta agus trédhearcachta a chur ar fáil, lena n-áirítear trí thuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach.

## Ár gcaidreamh idirnáisiúnta a dhoimhniú agus a leathnú

Tá oscailteacht na hÉireann don trádáil, don infheistíocht, do dhaoine agus do smaointe ina gcuid lárnach dár rathúnas náisiúnta le fada an lá. Is tosaíocht mhéadaitheach é ár nascacht luachmhar idirnáisiúnta a choinneáil in am ina bhfuil dúshláin chaidrimh dhomhanda ann.

Beidh infheistiú agus trádáil dhíreach eachtrach fós lárnach dár samhail fáis agus dár straitéis eacnamaíoch. Beidh ár bhfreagairt ar phatrúin domhandaithe athraitheacha agus ar thírdhreach trádála briste solúbtha agus gasta, agus ag an am céanna cuirfimid leanúnachas agus cobhsaíocht ar fáil mar rogha cheann scríbe don infheistíocht. Spreagfaimid gnólachtaí Éireannacha chun lántairbhe a bhaint as Margadh Aonair an AE agus a n-aghaidh a thabhairt ar mhargaí domhanda trí leas iomlán a bhaint as líonra fairsing Chomhaontuithe Saorthrádála an AE.

Déanfaimid ár ndícheall na comhghuaillíochtaí is gá a thógáil chun ár leasanna a chur chun cinn agus ár seasaimh san Aontas a chosaint, go háirithe trínár nUachtaránacht ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh a ghiaráil in 2026. Leanfaimid orainn ag forbairt ár gcaidrimh dhomhain dhearfaigh leis an Ríocht Aontaithe.



# Dualgas na hEarnála Poiblí um Chearta an Duine agus Comhionannas

**De réir ár n-oibleagáidí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá an Roinn tiomanta a chinntiú go gcomhlíonann ár mbeartais, nósanna imeachta agus seirbhísí na ceanglais atá i réimsí chearta an duine agus an chomhionannais.**

Cuireann Ráiteas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (CÉ&C) na Roinne in iúl ár dtiomantas do CÉ&C a dhaingniú inár slí chun gnó a dhéanamh.

Mar eagraíocht, aithnímid gurb iad ár muintir an tsócmhainn is fearr atá againn. Is mian linn tacú lenár bhfoireann a lánacmhainneacht a bhaint amach trí thimpeallacht chuimsitheach a chothú a thacaíonn le hinscne, comhionannas agus éagsúlacht. Mar ionad oibre oscailte agus fáilteach, tá sé mar aidhm againn an tallann a theastaíonn chun clár oibre straitéiseach na Roinne a chur i gcrích a mhealladh agus a choinneáil.

Le linn shaolré na straitéise seo, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Straitéis CÉ&C níos leithne a fhorbairt a chuirfidh leis an ráiteas CÉ&C agus a thabharfaidh breac-chuntas ar na gníomhartha a dhéanfaimid chun eagraíocht níos cuimsithí, níos cothroime agus níos éagsúla a thógáil. Cinnteoimid freisin go bhfuil cothroime, meas agus comhionannas lárnach dár soláthar seirbhísí don phobal;
- Ár ndualgas maidir le cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn agus a chothú mar chuid den timthriall oiliúna;
- Leanúint de chur chuige iontaofa, eiticiúil agus duinelárnach na hÉireann a chur i bhfeidhm i leith Intleacht Shaorga faoin straitéis náisiúnta IS – ***Is Cuid den Saol Anois Í***;
- Leanúint orainn ag plé le hIonad na hÉireann um Éagsúlacht chun ár Marc CÉ&C 'Infheisteoirí san Éagsúlacht' a dhaingniú mar thomhas ar ár ndul chun cinn chun comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chothú ar fud na Roinne,
- Tuairisciú ar dhul chun cinn inár dTuarascáil Bhliantúil.

I ngach gné de shainchúram leathan na Roinne, leanaimid orainn ag cur luach ar chomhionannas, cuimsitheacht agus cearta an duine agus á gcur chun cinn trínár bhforbairt beartais agus reachtaíochta agus trínár rannpháirtíocht ghníomhach in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus i bhfóraim iltaobhacha.

# Ár Spriocanna Straitéiseacha

## Sprioc 1

Fostaíocht iomlán a chothú agus forbairt eacnamaíoch réigiúnach láidir a chinntiú.

## Sprioc 2

Na haistrithe glasa agus digiteacha a chur chun cinn chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht na bhfiontar atá lonnaithe in Éirinn a chinntiú.

## Sprioc 3

Sábháilteacht, pá agus coinníollacha níos fearr, poist ar ardchaighdeán, comhionannas inscne agus cuimsitheacht san ionad oibre a chur chun cinn.

## Sprioc 4

Feabhas a chur ar ár dtimpeallacht rialála gnó agus ar tharraingteacht na hÉireann mar áit chun gnó a dhéanamh.

## Sprioc 5

Gnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a dhoimhniú agus a leathnú ar bhealach freagrach, cothrom agus inbhuanaithe a thacaíonn le hardchaighdeáin rialála agus an geilleagar uile-oileáin a fhás tuilleadh.

## Sprioc 6

Roinn nuálach agus ghasta a thógáil le héiteas láidir seirbhís phoiblí a spreagann cur i bhfeidhm éifeachtach agus freagrach beartais.



# Sprioc 1:

## Fostaíocht iomlán a chothú agus forbairt eacnamaíoch réigiúnach a chinntiú.

## An chaoi a mbainimid é seo amach

- An Páipéar Bán ar Fhiontraíocht a chur i bhfeidhm chun athléimneacht agus inbhuanaitheacht ár ngeilleagair a fhorbairt agus chun a chinntiú go bhfuil gnólachtaí atá lonnaithe in Éirinn in ann deiseanna a thapú agus freagairt do dhúshláin.
- Tacú le hÉirinn mar láthair le haghaidh infheistíocht dhíreach eachtrach (IDE), lena n-áirítear trí fhás agus trí chlaochlú na n-infheistíochtaí atá ann cheana. Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara agus ar fud an Rialtais chun seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta a bhrú chun cinn agus infheistíocht a ailíniú le forbairt eacnamaíoch agus fiontraíochta.
- Naisc idir gnólachtaí eachtracha agus gnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach a neartú, éiceachórais níos láidre a fhorbairt chun cabhrú le gnólachtaí áitiúla iad féin a leabú i slabhraí luacha earnálacha dian-IDE.
- Na Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha a chur i bhfeidhm go dtí 2024 agus ailíniú le cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála chun forbairt eacnamaíoch chothrom a chinntiú i ngach cuid den tír, lena n-áirítear réigiúin a bhféadfadh dúshláin forbartha ar leith a bheith rompu.
- Cabhrú le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) margaí idirnáisiúnta a thosú, a dhreapadh agus a rochtain chun táirgiúlacht a uasmhéadú.
- A chur ar chumas gnólachtaí trádála áitiúla, lena n-áirítear comharchumainn, a bheith rathúil.
- Cumas nuálaíochta a leathnú agus a dhoimhniú ar fud na hearnála fiontraíochta, go háirithe feidhmíocht nuálaíochta ár FBManna agus dea-dhearadh a chothú mar ghné lárnach de tháirgí agus seirbhísí nua a thabhairt chun an mhargaidh.

- Nuálaíocht san earnáil tógála agus modhanna nua-aimseartha a chur chun cinn chun dlús a chur le soláthar tithíochta ar ardchaighdeáin, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus incheannaithe.
- Straitéis Náisiúnta Spáis na hÉireann d'Fhiontraíocht a chur chun tosaigh chun ár dtionscal spásghníomhach a leathnú tuilleadh, i gcomhthéacs fhás domhanda na hearnála ó thaobh luach eacnamaíoch de.
- Tógáil ar láidreachtaí agus ar acmhainneacht fiontraíochta na hÉireann trí bheartas braislithe a ghiaráil agus Straitéis na hÉireann um Speisialtóireacht Chliste a chur i bhfeidhm, le tacaíocht ó leathadh amach chláir Chiste Forbraíocht Réigiúnach na hEorpa.
- A chinntiú gur féidir le FBManna na hÉireann rochtain a fháil ar mhaoiniú, lena n-áirítear micreamhaoiniú, ráthaíochtaí iasachta, agus caipiteal síl agus fiontair.
- Córas éifeachtach ceadanna fostaíochta a bhainistiú, na buntáistí a bhaineann le himirce eacnamaíoch a uasmhéadú agus an cur isteach a íoslaghdú ar mhargadh saothair na hÉireann.
- Leanúint lenár rannpháirtíocht ar leibhéal an Aontais chun a chinntiú go n-uasmhéadóidh an Roinn na deiseanna atá ar fáil faoi rialacha an Aontais maidir le Státchabhair.

## Toradh

**Lánfhostaíocht i ngach cuid den tír, agus timpeallacht iomaíoch fhabhrach mar bhonn taca aici le bonn fiontraíochta athléimneach, nuálach, táirgiúil agus inbhuanaithe.**





# Sprioc 2:

**Na haistrithe glasa agus digiteacha a chur chun cinn chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht na bhfiontar atá lonnaithe in Éirinn a chinntiú.**

## An chaoi a mbainimid é seo amach

- Cur le huaillmhian neodracht charbóin na hÉireann 2050, agus athléimneacht ár mbonn fiontraíochta a neartú ag an am céanna, trí bheartais agus caighdeáin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun uasteorainneacha astaíochtaí earnála na fiontraíochta agus na bhfoirgneamh neamhchónaithe a bhaint amach sa Phlean Um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023.
- Bearta dícharbónaithe a leabú i mbeartas fiontraíochta agus tacaí a thabhairt isteach don tionscal chun aistriú chuig cleachtas comhshaoil níos inbhuanaithe, astaíochtaí carbóin a laghdú, oiriúnú don athrú aeráide, agus leas a bhaint as deiseanna an gheilleagair ísealcharbóin, lena n-áirítear deiseanna fuinnimh in-athnuaite.
- Cabhrú le FBManna tús a chur lena dturas i dtreo astaíochtaí níos ísle, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní níos fearr agus tionchar laghdaithe ar an gcomhshaol, lena n-áirítear tríd an uirlis ar líne, Sraith Uirlisí Aeráide don Ghnó a chur chun cinn.
- Ceannaireacht a thabhairt ar fhorbairt Straitéis Tionsclaíochta don Ghaoth Eischósta, chun deiseanna agus acmhainneacht na hearnála sin a bhaint amach chun cur le forbairt thionsclaíoch ísealcharbóin na hÉireann amach anseo.
- Forbairt chaighdeáin nua AE agus dhomhanda a chur chun cinn, lena n-áirítear cuspóirí Straitéis an Aontais um Chaighdeánú.
- Léiriú a thabhairt ar straitéisí an gheilleagair chiorclaigh agus na dramhaíola maidir le caighdeáin inbhuanaithe táirgí a fhorbairt.
- Abhcóideacht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais maidir le beartas agus rialáil lena gcuirtear geilleagar digiteach atá fabhrach don nuálaíocht chun cinn.
- Claochlú digiteach an tionscail déantúsaíochta a spreagadh chun mol déantúsaíochta iomaíoch atá dírithe ar nuálaíocht a bhaint amach.

- Cur i bhfeidhm tras-Rialtais na Straitéise Náisiúnta um Intleacht Shaorga a threorú.
- Comhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha a bhunú, i gcomhar leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, chun rialáil láidir an Achta um Sheirbhísí Digiteacha a chinntiú.
- Digiteáil mhéadaithe agus táirgiúlacht fheabhsaithe a éascú ar fud na n-earnálacha fiontraíochta uile trí chur i bhfeidhm leanúnach an Chiste um Aistriú Digiteach agus trí fhorbairt na Tairsí Digití chun cabhrú le gnólachtaí féinmheasúnú a dhéanamh ar a riachtanais dhigiteacha, chomh maith le comharthaíocht a thabhairt i dtreo oiliúna, acmhainní agus roghanna maoinithe.
- Na Moil Nuálaíocht Dhigiteach Eorpach a bhunú chun cabhrú le FBManna agus le comhlachtaí san earnáil phoiblí a gclaochlú digiteach a bhaint amach chomh maith le hoiliúint, taighde agus tástáil agus comhairle a chur ar fáil.
- Beartas an Rialtais maidir le hionaid sonraí a chur i bhfeidhm chun forbairt chothrom na hearnála a éascú mar phríomhbhonneagar chun an geilleagar digiteach a éascú i gcomhréir le gealltanais an Rialtais maidir le hathrú aeráide agus astaíochtaí.
- Rannchuidiú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn, deich sprioc SFI a threorú, agus freagracht as spriocanna breise a roinnt.
- Ceannaireacht a thabhairt trí dhea-shampla maidir le hastaíochtaí a laghdú inár n-eagraíocht trí leanúint lenár dTionscnaimh na Foirne Glaise agus tionscnaimh sábhála ídithe fuinnimh agus uisce a chur i bhfeidhm. Leanúint ar aghaidh ag obair leis an OOP, go háirithe sna réimsí a bhaineann le caomhnú fuinnimh, giniúint dramhaíola agus bithéagsúlacht.

## Toradh

**Ailíniú le sprioc an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide chun ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa foriomlána a laghdú faoina leath faoi 2030, agus geilleagar carbón-neodrach ina dhiaidh sin faoi 2050, agus costais an dícharbónaithe a mhaolú agus, ag an am céanna, deiseanna fáis sa gheilleagar glas a chothú. Dul chun cinn i dtreo Éire a bheith ina príomhgheilleagar digiteach chun táirgiúlacht a fheabhsú agus fás eacnamaíoch a scaradh go hiomlán ó thomhaltas acmhainní.**





# Sprioc 3:

## Sábháilteacht, pá agus coinníollacha níos fearr, poist ar ardchaighdeán agus cuimsitheacht san ionad oibre a chur chun cinn.

## An chaoi a mbainimid é seo amach

- A chinntiú go gcoinnítear cearta fostaíochta agus caighdeáin mhargadh an tsaothair faoi athbhreithniú agus go dtugtar cothrom le dáta iad chun forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta a léiriú, lena n-áirítear ar leibhéal an Aontais, Chomhairle na hEorpa, na Cúirte Breithiúnais agus na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair.
- An teidlíocht reachtúil a chur i bhfeidhm chun cianobair a iarraidh.
- Dul i dteagmháil le lucht tionsclaíochta chun dea-chleachtas a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na hearnála príobháidí maidir le láithreacha oibre éagsúla agus cuimsitheacha a thógáil.
- Gníomhartha atá fós le réiteach ón bPlean Gníomhaíochta um Chomhiomarcaíochtaí tar éis Dócmhainneachta a chur i bhfeidhm.
- Tuarascáil an Fhóraim Eacnamaíoch d'Fhostóirí Saothair maidir le cómhargáil a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm.
- A chinntiú go leanann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus an Chúirt Oibreachais de sheirbhís chaidrimh san ionad oibre agus creat cearta fostaíochta den chéad scoth a chur ar fáil.
- Tríd an tSeirbhís Breithnithe Conarthaí Foirgníochta, a chinntiú gur féidir le fochonraitheoirí díospóidí íocaíochta a réiteach go tapa.
- Dul chun cinn i dtreo Pá Maireachtála Náisiúnta (le baint amach faoi Eanáir 2026) agus maoirseacht a dhéanamh ar shocrú pá earnála in earnálacha eacnamaíocha áirithe.
- Tacaíocht a chur ar fáil don Choimisiún um Pá Íseal.

- A chinntiú go bhfuil córas láidir agus éifeachtach sábháilteachta agus sláinte ceirde i bhfeidhm d'oibrithe agus go gcabhraíonn sé le fostóirí gnóthaí sábháilte, táirgiúla agus iomaíocha a oibriú.
- A chinntiú go bhfuil creat láidir rialála maidir le substaintí ceimiceacha agus contúirteacha i bhfeidhm in Éirinn trí cheannaireacht a thabhairt ar fud an Rialtais agus trí oibriú le páirtithe leasmhara agus le lucht tionscail.

## Toradh

**Creat beartais, reachtach agus institiúideach lena gcumasaítear fostaíocht ardchaighdeáin, dea-chaidreamh tionsclaíoch agus timpeallachtaí oibre sábháilte, a chuideoidh ar a sheal le geilleagar láidir agus le sochaí chóir, lena gcothófar solúbthacht agus slándáil agus lena gcuirtear cosaint ar fáil do gach fostaí.**





# Sprioc 4:

## Feabhas a chur ar ár dtimpeallacht rialála gnó agus ar tharraingteacht na hÉireann mar áit chun gnó a dhéanamh.

## An chaoi a mbainimid é seo amach

- Córas forásach a chur ar fáil a spreagann fás eacnamaíoch trí nuálaíocht agus cruthaitheacht a spreagadh ar fud na sochaí, agus atá freagrúil do dhúshláin agus do dheiseanna geilleagar digiteach.
- A chinntiú go mbíonn beartas agus reachtaíocht chorparáideach agus rialála freagrúil agus go léiríonn sé dea-chleachtas idirnáisiúnta ionas gur féidir le hÉirinn fiontair agus fiontraíocht a éascú, agus fostaithe, comhaltaí agus creidiúnaithe a chosaint ag an am céanna le cosaintí cuí.
- Tacú leis na comhlachtaí rialála agus forfheidhmithe a bunaíodh faoi Acht na gCuideachtaí 2014 agus a chinntiú go gcuireann dlí na gcuideachtaí ar chumas na gcomhlachtaí a bhfeidhmeanna reachtúla a ghabháil de láimh go héifeachtach.
- Reachtaíocht nua maidir le cosaint tomhaltóirí a fhorbairt ionas gur féidir le tomhaltóirí leanúint de chinntí eolasacha a dhéanamh faoina roghanna agus rochtain a bheith acu ar shásraí éifeachtacha sásaimh.
- A éascú don Bhord Réitigh Díobhálacha Pearsanta éilimh dhíobhála phearsanta a réiteach gan aon ghá le dlíthíocht, rud a laghdaíonn costais na n-éileamh díobhála pearsanta agus a éascaíonn laghduithe ar phréimheanna árachais.
- Nasc láidir a choinneáil idir fiontraíocht agus ardoideachas chun a chinntiú go gcomhlíonfar riachtanas scileanna gnó amach anseo, lena n-áirítear trí uas-sciliú.
- Leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar le chéile ar fud an Rialtais agus dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun a chinntiú go n-oibríonn ár gcóras cánachais do gach gnólacht lena n-áirítear trádálaithe aonair féinfhostaithe, FBManna agus cuideachtaí móra ilnáisiúnta.

- Ceannaireacht a thabhairt ar fud an Rialtais maidir le forbairt fianaise agus moltaí beartais sonraíbhunaithe a chuirfidh le timpeallacht iomaíoch le haghaidh infheistíochta, táirgiúlachta, fiontraíochta agus fostaíochta, ag tarraingt ar obair agus ar mholtaí na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta.
- Rialáil éifeachtach ghnó agus ualaí riaracháin laghdaithe a chur i bhfeidhm, trí bheartas a fhorbairt atá bunaithe ar fhianaise, a úsáideann agus a chuireann chun cinn an Tástáil FBM, comhairliúchán poiblí agus anailís tionchair.
- Leanúint le rannpháirtíocht struchtúrtha le réimse leathan comhlachtaí páirtithe leasmhara agus eagraíochtaí ionadaíocha.
- Creat rialála comhleanúnach agus éifeachtach a chur chun cinn chun seasamh na hÉireann mar mhol rialála digiteach a choinneáil.
- Dea-bhainistíocht réadmhaoine a chur chun cinn, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht i gCúirt Aontaithe na bPaitinní.

## Toradh

**Timpeallacht ghnó lena n-éascaítear infheistíocht agus forbairt, iomaíocht sa mhargadh, agus ardchaighdeáin chosanta tomhaltóirí mar aon le rialachas corparáideach.**





# Sprioc 5:

## Gnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a dhoimhniú agus a leathnú ar bhealach freagrach, cothrom agus inbhuanaithe a thacaíonn le hardchaighdeáin mhaireachtála agus a fhásann an geilleagar uile-oileáin.

## An chaoi a mbainimid é seo amach

- Oibriú lenár gcomhpháirtithe san AE agus idirnáisiúnta agus comhghuaillíochtaí a thógáil agus a neartú chun beartais, caighdeáin, rialáil agus comhaontuithe idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn a mhúnlú a mbíonn tionchar acu ar thimpeallacht eacnamaíoch agus ghnó na hÉireann.
- Saorthrádáil oscailte a chur chun cinn chun tacú le modh eacnamaíoch na hÉireann agus chun slabhraí soláthair ríthábhachtacha a chosaint, tacú le Comhaontuithe Saorthrádála nua an AE agus le caidreamh trádála trasatlantach a chothabháil agus a dhoimhniú.
- Oibriú ar fud an Rialtais agus lenár gcomhpháirtithe san AE chun bacainní ar thrádáil a shainaithint agus a bhaint, go háirithe i seirbhísí, chun Margadh Aonair AE lánfheidhmiúil a chinntiú ar mhaithe lenár n-onnmhaireoirí, gnólachtaí agus tomhaltóirí eile.
- Trádáil trasteorann a neartú agus deiseanna a chothú don chomhoibriú Thuaidh-Theas chun geilleagar uile-Oileáin a fheabhsú, cuspóirí na nOileán Comhroinnte a bhaint amach, agus tacú le fás eacnamaíoch i suíomhanna straitéiseacha teorann, lena n-áirítear trí thacaíochtaí gnó arna soláthar ag Intertrade Ireland.
- A chinntiú go dtacaíonn seasamh na hÉireann ar gach comhaontú trádála leis an aistriú chuig geilleagar domhanda inbhuanaithe agus go gcuirtear san áireamh riachtanais na dtíortha i mbéal forbartha, go háirithe na Tíortha is Lú Forbairt, san AE agus sa chóras trádála domhanda.
- Tacú le cur chun feidhme na socruithe trádála idir an Aontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, mar a leagtar amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an Aontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, chun a chinntiú go gcosnaítear leasanna na hÉireann agus go maolófar tionchair Brexit ar ghnólachtaí.

- Straitéis Trádála agus Infheistíochta an Rialtais 2022-2026 a chur i bhfeidhm, faoi mhaoirseacht na Comhairle Trádála agus Infheistíochta.
- Cuidiú le fiontair dul isteach i margaí idirnáisiúnta agus tairbhe a bhaint astu agus leathnú isteach i margaí nua trí leas iomlán a bhaint as Margadh Aonair an Aontais agus as líonra Chomhaontuithe Saorthrádála an Aontais.
- Oibriú lenár ngníomhaireachtaí mar chuid d'Fhoireann na hÉireann thar lear, i gcomhthéacs Straitéis Éire Dhomhanda 2025 an Rialtais, chun ár n-easpórtálacha a chur chun cinn agus chun aird a tharraingt ar tharraingteacht na hÉireann don infheistíocht agus don nuálaíocht, chun leas a bhaint as athruithe domhanda i samhlacha gnó agus i dteicneolaíochtaí suaiteacha atá ag teacht chun cinn agus chun an chéad rabharta eile teicneolaíochta agus gníomhaíochta gnó a mhealladh.
- Leasanna eacnamaíocha agus trádála na hÉireann a chur chun cinn i gcomhthéacsanna iltaobhacha, lena n-áirítear EDT agus ECFE, agus oibriú i gcomhpháirt leis an CE agus le Ballstáit an AE chun a chinntiú go bhfuil EDT i gcroílár córas trádála iltaobhach domhanda, riailbhunaithe.
- A chinntiú go bhfuil creat láidir dlíthiúil agus oibríochtúil ag Éirinn chun onnmhairiú earraí rialaithe a rialáil, chun tacú le slándáil dhomhanda agus chun meicníocht a chur i bhfeidhm chun scagadh a dhéanamh ar infheistíocht tríú tír isteach in Éirinn.
- Smachtbhannaí Trádála na Náisiún Aontaithe agus an Aontais a chur chun feidhme chun tacú leis an dlí idirnáisiúnta agus le cearta an duine.
- Cleachtais fhreagracha ghnó a chur chun cinn i gcomhthéacs forbairtí ar leibhéal AE agus ar leibhéal idirnáisiúnta.

## Toradh

**Deiseanna nua fiontraíochta i ngeilleagar uile-oileáin, i dtrádáil agus in infheistíocht idirnáisiúnta, agus cineálacha méadaithe agus nua infheistíochtaí IDE.**





# Sprioc 6:

## Roinn nuálach agus ghasta a thógáil le héiteas láidir seirbhís phoiblí a spreagann cur i bhfeidhm éifeachtach agus freagrach beartais.

## An chaoi a mbainimid é seo amach

- Leanúint lenár Straitéis Daoine 2021-2024 a chur i bhfeidhm agus infheistíocht a dhéanamh i bhfoghlaim agus i bhforbairt gairme chun tacú lenár bhfoireann sainordú na Roinne a sheachadadh.
- Ár mBeartas Obair Chumaisc a dhaingniú chun ár gcuspóirí gnó a chomhlíonadh agus cothromaíocht dhearfach oibre/saoil a aimsiú don fhoireann.
- Tógáil ar fholláine agus ar thionscnaimh ábhartha eile sa Roinn agus tairiscint shoiléir láidir 'gnó freagrach' a chur ar fáil, mar chuid dár n-uaillmhian a bheith inár Rogha na bhFostóirí.
- Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn dár bhfoireann agus sna seirbhísí a chuirimid ar fáil mar Roinn, ag plé le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.
- Mar chuid dár dtiomantas don chomhionannas, don éagsúlacht agus don chuimsiú leanfaimid orainn ag cur chun cinn agus ag tacú le fostú daoine faoi mhíchumas sa Roinn.
- Tacaíochtaí dár ndaoine a neartú mar chuid dár n-anailís ar an mBearna Phá idir na hInscní sa Roinn.
- Nuálaíocht a leabú in obair na Roinne trí smaointe a spreagadh, tacú le 'smaointeoireacht dearaidh' agus deiseanna a chruthú d'fhoirne chun cuir chuige nuálacha a chothú.
- Ár straitéis TFC a chur i bhfeidhm chun réitigh dhigiteacha agus sonraí atá cobhsaí, slán agus inscálaithe agus seirbhísí poiblí atá éasca le húsáid a sholáthar.

- Ár Straitéis Chumarsáide 2022-2024 a chur i bhfeidhm chun tacú le cumarsáid éifeachtach lenár bhfoireann, ár bpáirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne.
- An luach is fearr ar airgead a chinntiú agus caiteachas na Roinne a ailíniú le tosaíochtaí beartais, bunaithe ar shonraí, fianaise agus meastóireacht láidir.
- Leanúint ar aghaidh ag léiriú barr feabhais i rialachas corparáideach chun trédhearcacht agus luach ar airgead a chinntiú; trí mhaoirseacht chuí a dhéanamh ar na Gníomhaireachtaí agus ar na hOifigí Stáit a thagann faoinár sainchúram, trí bhainistíocht riosca láidir, nósanna imeachta airgeadais agus cuntasaíocht agus feidhm neamhspleách iniúchta inmheánach a chinntiú.
- A chinntiú go bhfuil ár bhfoirgnimh agus ár seirbhísí sábháilte agus inrochtana.
- Ár gcóiríocht a chuíchóiriú agus a fheabhsú chun an spás a bharrfheabhsú, a chinntiú go seasfaidh ár bhfoirgnimh an aimsir agus coigilteas a dhéanamh in úsáid fuinnimh.
- Timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a chinntiú do gach ball foirne agus do gach cuairteoir chuig an Roinn de réir forálacha reachtúla, trí Ráiteas Sábháilteachta agus Beartas Sábháilteachta na Roinne a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- Tacú le cur chuige uile-rialtais maidir le pleanáil straitéiseach éigeandála trí bhallraíocht i dTascfhórsa an Rialtais um Pleanáil Éigeandála.

## Toradh

**Roinn le baill foirne atá nuálach, solúbtha, freagrúil agus gasta, a chinntíonn ardchaighdeáin seirbhís phoiblí agus rialachas corparáideach, agus acmhainní barrfheabhsaithe chun ár Straitéis, ár Misean agus ár Spriocanna a sheachadadh.**



# Rath a Thomhas agus an Straitéis seo a Chur i bhFeidhm

Cuireann Painéal na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar féidir teacht air anseo thart ar 100 táscaire eacnamaíoch i láthair ar fud réimsí na fiontraíochta, na trádála agus na fostaíochta. Cuirtear achoimre ar shonraí na Ríochta Aontaithe agus Thuaisceart Éireann ar fáil freisin i gcomhthéacs fócais ar Brexit agus ar na himpleachtaí a bhaineann leis ó thaobh thrádáil na hÉireann de. Faightear na sonraí ó fhoinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta amhail an Phríomh-Oifig Staidrimh agus Eurostat, agus ó Aonaid Ghnó ar fud na Roinne agus ár nGníomhaireachtaí agus ár gcuid Oifigí.

Beidh na cuspóirí, na gníomhartha agus na torthaí straitéiseacha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo mar bhonn eolais agus léirithe sna pleananna bliantúla bainistíochta gnó agus riosca arna dtáirgeadh ag gach Rannán Gnó sa Roinn agus déanfaidh Bord Bainistíochta na Roinne monatóireacht orthu. Beidh spriocanna sonracha iontu seo a mbeifear ag súil go ndéanfaidh gach Rannán iad a sheachadadh gach bliain, agus ba cheart go gcinnteodh a gcomhbhailiú go gcomhlíonfar na gealltanais a leagtar amach sa Ráiteas. Coinneoidh an Bord Bainistíochta na spriocanna seo faoi athbhreithniú agus déanfar measúnú foirmiúil ar phleananna gnó rannáin dhá uair sa bhliain. Sonrófar sa Tuarascáil Bhliantúil an dul chun cinn a baineadh amach gach bliain maidir leis na cuspóirí agus na gníomhartha straitéiseacha atá sa Ráiteas Straitéise seo.

Áirítear sa Pháipéar Bán ar Fhiontraíocht 15 sprioc do bheartas fiontraíochta sa tréimhse go dtí 2030. Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun tosaigh ar Phleananna Forfheidhmithe dhá bhliain as a chéile de ghníomhaíocht tras-rialtais a fhorbairt chun an Páipéar Bán a chur i bhfeidhm agus na spriocanna sin a bhaint amach. Leagfar amach sna Pleananna Forfheidhmithe conas a chomhlíonfaidh na Ranna, gníomhaireachtaí agus oifigí rialtais éagsúla a ngealltanais faoi seach mar spriocanna insoláthartha amchláir, agus beidh ról ceannasach ag an Roinn agus ag a cuid Oifigí agus Áisinteachtaí. Déanfar an dul chun cinn a thuairisciú go leathbhliantúil don Choiste Comh-Aireachta um Théarnamh agus Infheistíocht Eacnamaíoch agus déanfar monatóireacht air ar bhonn leanúnach trí Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach gaolmhar. Áireofar sna tuarascálacha leathbhliantúla nuashonruithe ar an dul chun cinn i dtreo na 15 sprioc le sonraí nua faoi gach ceann de na bearta a áirítear de réir mar a bheidh sé ar fáil ó na foinsí ábhartha.

Cuireann Tuarascáil Feidhmíochta na Seirbhíse Poiblí faisnéis shoiléir inrochtana ar fáil do shaoránaigh maidir leis an gcaoi ar leithdháileadh cistí poiblí, conas a úsáideadh na cistí sin agus tugtar breac-chuntas inti ar aschuir agus ar thionchair chláir na Roinne. Tuairiscíonn an Roinn i gcoinne réimse táscairí a bhaineann leis na trí chlár caiteachais atá leagtha amach ina cuidse den Imleabhar Meastacháin Athbhreithnithe. Déanfaidh an Bord Bainistíochta maoirseacht agus athbhreithniú ar na táscairí sin mar chuid de rialachas foriomlán na Roinne.

An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

**Forbartha ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta**
**Bealtine 2023**